# RIALACHÁN (AE) 2022/2046 ÓN gCOIMISIÚN

## an 24 Deireadh Fómhair 2022

## lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 a mhéid a bhaineann lena n-oiriúnú chun go gcuirfear san áireamh forálacha an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus an Phrótacail a ghabhann leis maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 108(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/1588 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le catagóirí áirithe Státchabhrach cothrománaí ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(1) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Státchabhair,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 ón gCoimisiún ([2]), leagtar amach uasmhéideanna carnacha na cabhrach *de minimis* a dheonaítear de réir an Bhallstáit i leith gnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh príomhúil talmhaíochta le linn aon tréimhse 3 bliana fioscacha dá dtagraítear in Airteagal 3(3) agus Airteagal 3(3a) den Rialachán sin faoi seach.

(2) An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([3]) ("an Comhaontú um Tharraingt Siar"), comhaontú a bhfuil an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ("an Prótacal") ina chuid dhílis de, is comhaontú é a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

(3) An idirthréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, idirthréimhse ina raibh feidhm fós den chuid is mó ag dlí an Aontais maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus laistigh de Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, tháinig deireadh léi an 31 Nollaig 2020.

(4) Mar sin féin, le hAirteagal 10 den Phrótacal, foráiltear go mbeidh feidhm ag forálacha áirithe de dhlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an bPrótacal sin maidir leis an Ríocht Aontaithe i leith bearta a dhéanann difear do thrádáil na dtáirgí talmhaíochta idir Tuaisceart Éireann agus an tAontas.

(5) Liostaítear Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 i measc na bhforálacha sin.

(6) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus an Phrótacail, uasmhéideanna carnacha na Ríochta Aontaithe ina hiomláine faoi mar a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013, is uasmhéideanna iad ar gá gan ach méideanna comhfhreagracha Thuaisceart Éireann a chur ina n-ionad.

(7) Chun cothroime iomaíochta a áirithiú, an modh ríofa a úsáideadh le haghaidh na mBallstát tráth a bunaíodh na hIarscríbhinní sin, is ar bonn an mhodha ríofa chéanna ba cheart na huasmhéideanna carnacha a ríomh le haghaidh Thuaisceart Éireann.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 a leasú dá réir,

([1]) IO L 248, 24.9.2015, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le cabhair *de minimis* san earnáil talmhaíochta (IO L 352, 24.12.2013, lch. 9).

([3]) IO C 384 I, 12.11.2019.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013**

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(1), pointe (b):

“(b) cabhair do ghníomhaíochtaí a bhaineann le honnmhairiú chuig tríú tíortha nó chuig Ballstáit (*), is é sin cabhair a bhaineann go díreach leis na cainníochtaí a onnmhairítear, le bunú agus le hoibriú líonra dáileacháin, nó le caiteachas reatha eile a bhaineann leis an ngníomhaíocht onnmhairiúcháin;

(*) Tá feidhm fós ag forálacha áirithe de dhlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe, forálacha a bhaineann le Státchabhair i leith bearta a dhéanann difear don trádáil idir Tuaisceart Éireann agus an tAontas, rud atá i gcomhréir le hAirteagal 10 agus le hIarscríbhinn 5 den Phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO C 384 I, 12.11.2019), agus ó tharla sin amhlaidh, aon tagairt do Bhallstát sa Rialachán seo, is tagairt í a fhorléireofar mar thagairt do Bhallstát nó don Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann”

(2) in Iarscríbhinn I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ina leagtar amach uasmhéid carnach chabhair *de minimis* na Ríochta Aontaithe:

“An Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann 29 741 417.”;

(3) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ina leagtar amach uasmhéid carnach chabhair *de minimis* na Ríochta Aontaithe:

“An Ríocht Aontaithe i leith Thuaisceart Éireann 35 689 700.”

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN